



Acmhainní do Phobal na Scoile





A Chathaoirligh is A Phríomhoide,

Ar feadh na seachtaine ón 29ú d'Eanáir ar aghaidh beidh **Seachtain na Scoileanna Caitliceacha** á ceiliúradh ag an Eaglais Chaitliceach in Éirinn. Is é téama **Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2009** ná "Scoileanna Caitliceacha – Fís ar Feadh an tSaoil".

Tá súil againn go mbeidh deis agaibhse agus ag pobal iomlán na scoile gné éigin de shainiúlacht Chaitliceach na scoile a cheiliúradh. Chuige sin tá réimse acmhainní ullmhaithe againn le cuidiú libh. Tugann an teolas seo a leanas léargas ar na hacmhainní agus conas mar a d'fhéadfaí úsáid a bhaint astu i rith na seachtaine.

SEACHTAIN NA SCOILEANNA CAITLICEACHA 2009 – BILEOG EOLAIS

Molaimid daoibh cóipeanna a dhéanamh den bhileog agus iad a chur ar fáil

- * ar thaispeáint sa seomra foirne agus go poiblí ar fud na scoile
- * do thuismitheoirí agus baill den Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí

CAD IS SCOIL CHAITLICEACH ANN?

Cuireadh an acmhainn seo chomh maith leis na bileoga dár teidil 'Machnaimh don Fhoireann' and 'Machnaimh do bhaill Bhoird Bhainistíochta/Gobharnóirí' ar fáil mar bhonnphointe díospóireachta agus machnaimh leis na grúpaí seo maidir le **Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2009**. Bheadh sé ar intinn againn go bhféadfadh an leathanach seo chomh maith leis na leathanaigh dár teideal '**Seachtain na Scoileanna Caitliceacha** agus an Teaghlach' an díospóireacht a thabhairt ag an mbaile. Tá seans ann go mbeadh an Comhlachas Tuismitheoirí sásta comhoibriú leis an scoil agus féachaint chuige go dtabharfaí an teolas seo abhaile. B'fhéidir go mbainfeadh an Comhlachas Tuismitheoirí úsáid as na leathanaigh seo chomh maith.

SEACHTAIN NA SCOILEANNA CAITLICEACHA. IMEACHTAÍ:

Tá na leathanaigh bhreise oiriúnach chun go núsáidfe iad ag gach aon mhúinteoir. Tá súil againn go gcuirfidh siad fócas ar fáil dóibh chun **Seachtain na Scoileanna Caitliceacha** a cheiliúradh lena gcuid daltaí. Toisc go gcríochnaíonn an tseachtain ar an Domhnach an chéad lá de mhí Feabhra, molaimid dosna paróistí eagsúla go ndéanfaí ceiliúradh ar obair na scoileanna Caitliceacha áitiúla i rith Aifrin amháin ar an Domhnach sin.

Beidh tuairimí ann maidir leis na himeachtaí a bhaineann le **Seachtain na Scoileanna Caitliceacha** faoi chonas mar is féidir le' scoil féin páirt a ghlacadh san Aifreann. Tá acmhainní bhreise maidir leis an liotúirge le fáil in eagrán mhí Feabhra den iris *Intercom*.

Ní acmhainn uileghabhálach í an acmhainn seo. Le cúnaimh Dé tiocfaidh bláth ar an samhlaíocht agus ar an gcruthaitheacht atá le sonrú go forleathan ar scoil, i rith na seachtaine seo, an chéad **Seachtain na Scoileanna Caitliceacha** uile-Éireann. Go mbainfimid ar fad taitneamh agus tairbhe aisti!

Guímid gach rath oraibh maidir le cheiliúradh **Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2009**.

Le gach dea-mhéin,

BISHOP LEO O'REILLY
Comhchathaoirleach
Meitheal Tasc Straitéiseach don Oideachas

SR ELIZABETH MAXWELL PVBM
Comhchathaoirleach
Meitheal Tasc Straitéiseach don Oideachas



ADMHÁLACHA

Chuir Maeve Mahon agus Tonya Hanly na hacmhainní seo ar fáil i gcomhar leis an gCoiste Stiúrtha [Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2009](#). Tá na daoine thíosluaite mar bhaill den gCoiste Stiúrtha:

Fr Gareth Byrne, Monsignor Jim Cassin, Fr Martin Delaney,
Fr Paul Farren, Ms Eileen Flynn, Ms Tonya Hanly, Ms Maura Hyland,
Mr Ferdia Kelly, Mr Martin Long, Ms Maeve Mahon, Ms Bernie Martin,
Mr Tony McCann, Ms Joan McCombe, Fr Declan O'Loughlin,
Ms Betty O'Riordan, Mr Tomás Ó Séagdha, Mr Ned Prendergast,
Ms Marie Purcell, Fr PJ Sexton, Rev Marc Whelan CSSP agus
Sr Eithne Woulfe.





SEACHTAIN NA SCOILEANNA CAITLICEACHA 2009: COMHAD FÍRICÍ

26ú Eanáir – 1ú Feabhra

CAD IS BRÍ LE SEACHTAIN NA SCOILEANNA CAITLICEACHA?

I mbliana, beidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha á ceiliúradh ar fud na tíre, i dTuaisceart Éireann áit ina bhfuil sí mar chuid bhunúsach den scoilbhliain le tamall anuas, agus don chéad uair i bPoblacht na hÉireann. Tá súil againn go ndéanfar ceiliúradh bliantúil den ról tábhachtach seo atá ag na bunscoileanna Caitliceacha agus na scoileanna Caitliceacha dara leibhéal maidir le hoideachas sainiúil a chur ar fáil dár ndaoine óga. Tá na scoileanna Caitliceacha in Éirinn mórálach i gceart as an bhfealsúnacht sainiúil oideachais seo atá fréamhaithe go daingean sna Soiscéil.

CÉN FÁTH AR SHOCRAÍOMAR SEACHTAIN NA SCOILEANNA CAITLICEACHA A GHAIRM AG AN BPOINTE SEO?

Tá dlúthcheangail idir na scoileanna agus leas phobal na hEaglaise, saol teaghlaigh agus leas na tíre. Tá sé tábhachtach go ndéanfaimis machnamh ar an bhfís a spreagann pobal na scoile. Níos luaithe i mbliana d'fhoilsigh Comhdháil Easpaig Éireann tréadlitir dár teideal 'Fís 08 – Fís Don Oideachas Caitliceach'. Cuirfidh an cháipéis seo fócas lárnach ar fáil agus Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2009 á ceiliúradh againn.

CÉN TÉAMA ATÁ LE SEACHTAIN NA SCOILEANNA CAITLICEACHA 2009?

Is é téama na seachtaine i mbliana ná 'Scoileanna Caitliceacha – Fís ar Feadh an tSaoil'

AN DO SCOILEANNA AMHÁIN AN CEILIÚRADH?

Tarlóidh na himeachtaí atá luaite le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha ar scoil, i measc na bparóistí agus go náisiúnta. Cuirfear acmhainní ar fáil trí na scoileanna, rud a chabhróidh leis an gceiliúradh a scaipeadh i measc teaghlaigh ar fud na tíre. Ar an mbealach seo leagfar béim ar bhunchuspóir na scoileanna maidir leis an Eaglais is an teaghlach, na paróistí agus saol iomlán an náisiúin.

CONAS IS FÉIDIR LIOM PÁIRT A GHLACADH?

Scrúdaigh na meáin áitiúla agus na meáin náisiúnta le haghaidh imeachtaí a bhaineann le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha. Ceistigh do phríomhoide, nó ionadaí den gComhlachas Tuismitheoirí /Bord Bainistíochta/Bord Gobharnóirí faoi chonas mar a cheiliúrfaidh do scoil féin Seachtain na Scoileanna Caitliceacha. Beidh tuilleadh eolais ar fáil ag:

www.catholicbishops.ie





CAD IS SCOIL CHAITLICEACH ANN?

SA SCOIL CHAITLICEACH:

- * Cuirtear fíis sainiúil saoil ar fáil agus fealsúnacht chuí oideachais atá bunaithe ar Shoiscéal Íosa Críost
- * Déantar gach iarracht timpeallacht foghlama a chruthú ina spreagtar agus ina gcabhraítear leis na páistí a gcumais iomlán uathúil a fhorbairt mar neachanna daonna, déanta in íomhá Dé
- * Déantar iarracht mic léinn a mhúnlú chun go núsáidfidh siad a gcuid talanna go neamhleithleach ar mhaithe leis an bpobal, chun sochaí chóir chomhbhách a chruthú
- * Tá pobal fáiltiúil cuimsitheach fulangach ann le meas ar gach traidisiún reiligiúnach agus creidimh
- * Bíonn comhoibriú comhpháirtíoch le tuistí agus le pobal an pharóiste chun solas an chreidimh a tugadh dúinn ag an mBaiste a adhaint
- * Cuirtear deiseanna adhartha ar fáil trín bpaidreoireacht agus trí cheiliúradh an liotúirge agus na sacraimintí




MACHNAMH DON BHFoireann

PAIDIR DON FHOIREANN

A Thiarna, cabhraigh linn páirt ghníomhach a ghlacadh ar scoil chun pobal creidimh a chruthú ina mbíonn fáilte agus comhbhá roimh chách. Treoraigh sinn ionas go dtuigimid go hiomlán go bhfuil sé de phribhléid againn bheith páirteach sa phobal Caitliceach seo ina mbíonn luach ar mheas dá chéile, ar síocháin, ar cóir agus ar lúcháir. Go dtabharfaimid dúshlán leanúnach dúinn féin, do chomrádaithe agus do mhic léinn trí fhocal agus ghníomh ionas go mbeimid i gcónaí ar thóir na foirfeachta. Cabhraigh linn láthair fhoghlama a chruthú a chabhróidh le cách a gcumais iomlán a chur i gcrích agus a dtallana nádúrtha a fhorbairt. Cuir i gcúimhne dúinn in aghaidh an lae gur chuid de thraidisiún láidir sinn, traidisiún a d'eascair ó na glúinte de phobal tiomanta. Nuair a bhíonn deacracht agus angar ag brú isteach orainn, cuir do Spiorad anuas orainn agus líon ár gcroí le foighne. Guímid go mbeidh tuiscint agus géarchúis ionainn i gcónaí mar phobal. Áiméan.

ÁBHAR MACHNAIMH DON FHOIREANN

- * Ar léigh tú ráiteas misin na scoile?
- * An gceapann tú go bhfuil cur síos cruinn ann faoin obair a dhéanann tú, nó an dóigh leat gur ceart é a athscríobh?
- * Cén fáth go noibríonn tú i scoil Chaitliceach?
- * An nglacann tú le deiseanna forás pearsanta agus creidimh a dhéanamh?
- * Cad a dhéanann tú féin mar bhall den fhoireann chun dea-ghaol agus muintearas a chothú ar scoil?
- * Cén saghas atmaisféar oibre atá le sonrú ar scoil?
- * An léiríonn an tatmaisféar seo ráiteas misin na scoile?
- * Glacann scoil Chaitliceach páirt i misean na hEaglaise sa phobal i gcoitinne. Cén pháirt a ghlacann tusa i gceartas sóisialta domhanda chomh maith le ceartais áitiúla?
- * Cén tábhacht, meas tú, atá ann maidir le córas maith tréadchúraim bheith ar scoil?
- * Cé chomh héifeachtach agus atá an córas tréadchúraim ar scoil?
- * An mbreathnaíonn tú ort féin mar bhall de phobal creidimh ar scoil?
- * An mothaíonn tú láithreach Dé id' shaoil?



MACHNAMH DON MHAC LÉINN DON MHUINTIR SA BHAILE

PAIDIR AN MHIC LÉINN

Cabhraigh liom mar bhall den scoil seo breathnú ort mar chara agus mar threoraí. Cabhraigh liom gan dearmad a dhéanamh riamh gur ghlaigh tusa

de réir ainm orm, agus gur leatsa mé. Go mbeidh cuimhne agam riamh ar iontaisí chruthú an domhain agus go lorgóidh mé an dea-thoil i gcónaí i measc na ndaoine a bhuaileann liom i rith an lae. Nuair a bhíonn dúshlán an tsaoil ag brúchtaíl isteach orm, bíodh do láithreachas mar ócáid leighis dom. Go gcuirfidh gach a dhéanaim agus gach a deirim le héiteas na scoile, ionas go mbeidh sí mar áit ina mbíonn meas ar cách, le hatmaisféar láidir uileghabhálach muintearais inti. Go seasfaidh mé lem' shraith creidiúintí agus go mbeidh mé i gcónaí mar fhinné dílis dom' chreideamh. Áiméan.

ÁBHAR MACHNAIMH DO MHIC LÉINN

- * Cén fáth go bhfuil tú ag freastal ar scoil Chaitliceach?
- * An dóigh leat gur eispéaras eagsúil é bheith i scoil Chaitliceach seachas bheith ag freastal ar scoil de shaghas eile?
- * Ba cheart go mbeadh muintearas agus meas ar cách le sonrú i scoil Chaitliceach. Cad a dhéanann tú féin chun a chinntiú go dtarlaíonn sé seo in bhur scoil?
- * An ndéanann tú rud ar bith riamh atá eisiach nó diúltach maidir le daoine eile?
- * An dóigh leat go bhfuil beatha Íosa i láthair ar bhealach réalta id' scoil?
- * Bronnadh domhan álainn orainn agus d'iarr Dia orainn aire a thabhairt dó. Cé chomh maith agus a chomhlíonann tú an tiarratas seo? An duine diomailteach tú?
- * Conas mar a dhéantar ceiliúradh ar an liotúirge agus na sacraimintí ar scoil? An nglacann tú féin páirt sa cheiliúradh seo? An bhféadfá bheith níos gníomhaí sa cheiliúradh?
- * An nglacann tú páirt in imeachtaí ar scoil agus sa phobal áitiúil a chuireann ceartas sóisialta chun cinn?
- * An mothaíonn tú láithreach Dé id' shaol?



MACHNAMH DON BHORD BAINISTÍOCHTA/GOBHARNÓIRÍ

PAIDIR DON BHORD BAINISTÍOCHTA/GOBHARNÓIRÍ

A Dhia Ghrámhar, iarraimid ort bheith i láthair linn inniu agus sinn ag glacadh páirte sa Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí seo. Treoirigh sinn le go ndéanfaimid cinntithe atá bunaithe ar an gcóir agus ar an ngéarchúis. Deonaigh go mbeidh sé de mhisneach againn déileáil leis na dúshlán a thagann inár dtreo. Go seasfaimid i gcónaí le héiteas agus spiorad sainiúil na scoile seo ionas gur pobal bunaithe ar dhea-ghaol leatsa agus le cách a bheidh anseo againn. Áiméan.

ÁBHAR MACHNAIMH DO BHAILL BHOIRD BHAINISTÍOCHTA/GOBHARNÓIRÍ

- * An dtugann ráiteas misin na scoile léargas cruinn ar an scoil atá faoi do bhainistíocht?
- * Cé chomh fada ó shin a rinneadh measúnú nó leasú ar ráiteas misin na scoile?
- * An luíonn polasaithe eile na scoile (iontráil, iompar, soláthar foirne) leis an ráiteas misin?
- * An mbreathnaíonn tú ort féin mar bhall de phobal creidimh?
- * An dtacaíonn an Bord go gníomhach le forbairt leanúnach creidimh gach ball de phobal na scoile?
- * An bhfuil comharthaí traidisiún an chreidimh Chaitlicigh le sonrú go hoscailte in bhur scoil?
- * An nglacann sibh féin páirt sa cheiliúradh seo riamh?
- * Conas a dhéanann sibhse mar Bhord comhpháirtíocht a chur chun cinn maidir leis an scoil, an teaghlach agus an paróiste?
- * An mothaíonn tú láithreach Dé id' shaol?



ÁBHAR MACHNAIMH DO THUISTÍ/ BARDAIGH

PAIDIR DO THUISTÍ/BARDAIGH

A Dhia Ghrámhar, roghnaigh mé scoilíocht Chaitliceach dom' pháiste/páistí.

Cabhraigh liom bheith mar eiseamláir dóibh ionas go dtuigfidh siad go maith an bhrí atá le bheith mar bhall de phobal creidimh. Bí liom a Dhia nuair a bheidh sé deacair cinneadh ceart a dhéanamh, nuair a bheidh dualgais treascracha ag brú isteach orm. Cabhraigh liom bheith tuisceanach lem' pháistí, agus éisteacht go foighneach leis an méid atá le rá acu. Go nglaca mé i gcónaí lem' pháistí mar dhaoine iontu féin, ní ar mhaithe lena ndéanann siad. Go dtuga mé an misneach dóibh bheith dílis i gcónaí dóibh féin agus duitse. Áiméan.

ÁBHAR MACHNAIMH DO THUISTÍ/BARDAIGH

- * An mbreathnaíonn tú ort féin mar bhun-oideoir an pháiste?
- * An dóigh leat go bhfuil an fhreagracht ortsa oiliúint spioradálta a thabhairt dod pháiste nó ar lig tú leis an scoil maidir léi?
- * Cad a dhéanann tusa chun tacú go gníomhach le héiteas Caitliceach na scoile?
- * Ar léigh tú Ráiteas Éitis na scoile?
- * An aontaíonn tú leis? An dtacaíonn tú leis?
- * An bhfuil fhios agat conas mar a dhéantar ceiliúradh ar an liotúirge agus na sacraimintí ar scoil? An nglacann tú féin páirt sa cheiliúradh seo más féidir? An bhféadfá bheith níos ghníomhaí led' pháiste sa cheiliúradh seo?
- * An dóigh leat go bhfuil dul chun cinn spioradálta do pháiste chomh tábhachtach leis an dul chun cinn intleachtúil?
- * An mothaíonn tú láithreach Dé id' shaol?





MACHNAMH IN AGHAIDH AN LAE

D'fhéadfaí na paidreacha seo a léamh amach roimh ranganna nó ar an idirchum in aghaidh an lae.

AN LUAN

A Thiarna Íosa, Mac Dé, gabhaimid buíochas leat as ucht scoilíocht Chaitliceach a bhronnadh orainn. Lá i ndiaidh lae, seachtain i ndiaidh seachtaine cuireann tú deiseanna fáis agus foghlama ar fáil dúinn. Cabhraigh linn freagra cuí a thabhairt don chreideamh a tugadh dúinn, ionas go naithneofar sinn mar do dheisceabail. Áiméan.

AN MHÁIRT

Gabhaimid buíochas leis an Spiorad Naomh as an stórchiste a bhronn sé orainn maidir lenár dtuistí, ár bpríomhoide agus ár múinteoirí. Táimid buíoch den ghrásta agus den chríonnacht a thugann tú dóibh chun sinn a oiliúint is a threorú. Cabhraigh linne aithne níos fearr a chur ar an domhan thart orainn agus bronn an neart orainn cinnithe cuí a dhéanamh nuair a thugann an saol ár ndúshlán faoin rud cóir is an rud naofa.

AN CHÉADAOIN

Déanann na scoileanna Caitliceacha iarracht bunathrú a chur i bhfeidhm ní hamháin ar an mac léinn, ach ar shochaí na tíre chomh maith. Vision 08

AN DÉARDAOIN

Ba cheart go mbreathnófaí ar scoileanna Caitliceacha mar áiteanna cruinnithe do phobail a bhfuil suim acu luachanna Críostaí san oideachas a leiriú. Thar aon áit eile, caithfidh an pobal sa scoil Chaitliceach luachanna fúntacha saoil a scaipeadh. The Catholic School, 1970

AN AOINE

Tháinig mise chun go mbeadh an bheatha acu agus go mbeadh sí acu go fial. Eoin 10:10



MACHNAMH TREORAITHE BUNAITHE AR ÍSEÁIA 43:2-4

'Ná bíodh eagla ort, óir tá tú fuascailte agam; ghlaoih mé ort id' ainm, agus is liomsa thú...is luachmhar thú i mo shúile, is mór liom thú agus is mór é mo chion ort.'

Ciúnaigh do chorp agus bí socair, cuir do chosa go daingean ar an urlár agus cuir do lámha ar do ghlúine. Éist led' anáil. Mothaigh d'anáil ag teacht is ag imeacht,... isteach..., amach..., isteach..., amach.... Glan gach aon smaoinemh ó d' intinn, bí saor ó aon chur isteach ort agus samhlaigh go bhfuil tú ins an áit is fear leat ar domhan. Áit ina mhothaíonn tú slán, sona, sábháilte. Cén cruth atá ar an áit seo?...Cad iad na fuaimanna a chloiseann tú? ... Cén saghas boladh a thagann chugat?... Bhfuil daoine eile in éineacht leat?... Nó an leat féin atá tú?...Agus tú id' shuí ansin smaoinigh ar an bhfrása 'ghlaoih mé ort id' ainm, agus is liomsa thú'...

Déan machnamh ar d'ainm féin... ar na daoine a thug an tainm seo ort...ar insíodar duit cén fáth gur roghnaíodar an tainm seo thar aon ainm eile? Samhlaigh na daoine ar fad a thug an tainm seo ort inniu...do mhuintir... do chairde...do mhúinteoirí... Déan d'ainm a chogar ós íseal leat féin....Agus tú id' shuí ansin cloiseann tú duine éigin ag glaoch d'ainm ort...iompaíonn tú thart agus tugann tú faoi deara go bhfuil Íosa led' thaobh... Suíonn sé agus glaonn sé d'ainm ort arís...Cuireann sé ceist ort faoi chonas mar a mhothaíonn tú inniu, agus deireann tú leis... Cuireann sé ceist ort a rá leis cad iad na buntáistí a bhaineann leat...A rá leis an bhfuil náire ort faoi rud ar bith a rinne tú inniu...Cuireann sé ceist ort faoi na riachtanaisí a bheidh uait don chuid eile den lá...Insíonn sé duit go bhfuil grá aige duit agus bíonn comhrá eadraibh ar feadh tamaill eile... Deir Íosa leat go gcaithfidh sé imeacht anois, ach go mbeidh sé i dteannta leat i gcónaí...Breathnaíonn tú air agus é ag imeacht uait...Conas mar a mhothaíonn tú... uaigneach?... aitheanta?... an dtugtar grá duit?... Tuigeann tú ansin go gcaithfidh tú bheith in áit éagsúil agus fágann tú an áit is ansa leat. Mothaigh d'anáil ag teacht is ag imeacht arís... isteach... amach... isteach... amach....Nuair a bhíonn tú ullamh chuige tá cead agat na súile a oscailt..

Scríofa ag Sr Mary O'Connor RSM

ÁIT NAOFA

Molaimid daoibh Áit Naofa a chruthú i láthair shuntasach ar scoil. D'fhéadfaí cuid desna rudaí seo a leanas a bheith inti: crois, An Bíobla Naofa, uisce coisricthe, samplaí den obair a rinne na daltaí ar scoil, cóip den gcairt scoile nó den ngíomhas iontaobhais, grianghrafanna a bhaineann le tionscadail phobail a raibh baint ag an scoil leo, liosta iomlán de bhaill fhoireann na scoile agus de bhaill An Bhoird Bhainistíochta/Gobharnóirí.





SEACHTAIN NA SCOILEANNA CAITLICEACHA : TIONÓIL

AN CHÉAD PHAIDIR

A Dhia Ghrámhar, tagaimid le chéile inniu go speisialta i rith Seachtain na Scoileanna Caitliceacha seo, agus iarraimid ort bheith inár láthair agus sinn ag guí. Go gcoimeádfaimid inár naigne inniu, an phribhléid faoi leith atá ann bheith páirteach i bpobal na scoile seo agus sa mhuintearas a thógamar le chéile. Go mbeidh meas againn ar na bronntanais seo i gcónaí. Áiméan.

MOLADH MAIDIR LE HIOMANN TOSAIGH

Christ Be Our Light Bernardette Farrell

LÉACHT

Irimia 1:4-9 – Glao Irimia

Tháinig briathar an Tiarna chugam, á rá, “Sular chum mé thú sa bhroinn bhí aithne agam ort; sular rugadh thú choisric mé thú; d’ordaigh mé thú i d’fháidh do na ciníocha.” Ansin dúirt mise: “Ó, a Thiarna Dia, féach, ní fhéadaim labhairt, óir is leanbh mé.” Ach dúirt an Tiarna liom: “Ná habair, ‘Is leanbh mé.’ Téigh anois chuig gach duine chuig a gcuirfidh mise thú, agus cibé ní a ordóidh mise duit, déarfaidh tú é. Ná bíodh faitíos ort rompu, óir tá mise leat agus tusa faoi mo choimirce, is é an Tiarna a labhraíonn.”

MOLADH DON SALM:

Here I am, Lord Dan Shutte SJ

PAIDREACHA MAR IDIRGHUÍ

Cuir cúig choinneal ag seasamh san Áit Naofa agus las ceann acu in aghaidh gach paidir a léitear.

Freagra: *A Dhia Ghrámhar, Éist Lenár nGuí.*

A Dhia an Eolais, cabhraigh linn an fhírinne a aithint maidir leat féin, maidir linn féin agus ár muintir, agus maidir leis an domhan a chruthaigh tú dúinn. Tabhair neart dosna daoine sin atá i ngleic leis an fhírinne atá timpeall orthu. Freagra.

A Dhia an Ghrá, cabhraigh linne, bheith mar chomhréiteoirí anseo. Deonaigh go mbeidh maithiúnas le sonrú ionainn seachas fearg, grá seachas gráin, ionas go mbeidh áit síochánta muinteartha againn ar scoil. Má bhíonn sé de nós ag daoine an fhearg agus ghráin a chleachtadh, tabhair leigheas dóibh. Freagra.



A Dhia na hEagna, cabhraigh liom d'fhocal féin a thuiscint. Tabhair cúnaimh dom an tionchar atá aige ar mo shaol féin a mheas. Cabhraigh liom an cinneadh ceart a dhéanamh i gcónaí, bunaithe ar an eolas agus ar an eagna seo. Freagra.

A Dhia an Chruthaithe, go mbeidh croí oscailte againn i gcónaí maidir leis an domhan álainn seo. Deonaigh go dtabharfaimid aire mhaith dó, á chosaint ón saint is ón mheath a ghoileann chomh mór sin air. Freagra.

A Dhia ár nAthair, cabhraigh linn na buanna agus na tallana atá againn a úsáid go misniúil oscailte id' ainmse, ionas gur áit bhríomhar chruthaitheach sona a bheidh sa scoil seo. Freagra.

MACHNAMH – PAIDIR NAOMH TREASA AVILA

*Níl corp ar bith ag Críost seachas do chorpsa,
Níl lámh ná cos ar domhan aige seachas do chuidse,
Is leatsa na súile
Lena mbreathnaíonn sé thart le hatrua,
Is leatsa na cosa lena dtéann sé chun maitheas a dhéanamh
Is leatsa na lámha lena mbeannaíonn sé iomlán na cruinne
Is leatsa na lámha, is leatsa na cosa,
Is leatsa na súile, Is tusa a chorp.
Níl corp ar bith ag Críost seachas do chorpsa,
Níl lámha ná cosa anois ar domhan aige seachas do chuidse,
Is leatsa na súile
Lena mbreathnaíonn sé thart le hatrua,
Níl corp ar bith ag Críost seachas do chorpsa.*

AN PHAIDIR DHEIRIDH

Gabhaimid buíochas leat a Íosa as na buntáistí atá againn maidir leis na paróistí, na sagairt, agus lucht tacaíochta na Scoileanna Caitliceacha a chinntíonn saol na scoile seo. Táimid buíoch den traidisiún fada de dhaoine tiomanta a chuir tús leis an scoil agus a thacaigh léi leis na blianta, agus desna daoine a oibríonn chun todhchaí a chruthú di. Go leanfaimid leis an dea-shampla fónaimh is flaithiúlachta a thugann siad uathu nuair a thiteann sé orainne ár gcreideamh a chaomhnú. Déanaimid ár nguí trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.

MOLADH DON IOMANN DEIRIDH

Clouds Veil

Liam Lawton





TRIAIL EOLAIS

1. Cé mhéad Lá Naofa atá sa bhliain liotúirgeach?
2. Cé mhéad Aithne atá ann? (5 phointe breise as iad a ainmniú)
3. Cad is brí leis an bhfocal “Emmanuel”?
4. Cén phaidir a thug Íosa féin dúinn?
5. Cé mhéad leabhar atá sa Bhíobla Naofa?
6. Cé mhéad sacraimintí atá ann?
7. Cén siombalachas atá ag seamróg?
8. Cé mhéad olaí a úsáidtear sa Bhaiste?
9. Cad is ainm dár bPápa reatha?
10. Ainmnigh trí áiteanna oilithreachta san Eoraip.
11. Cé mhéad Rúndiamhar atá sa Phaidrín Páirteach?
12. Cathain a chuirtear tús leis an mbliain liotúirgeach?
13. Cathain a deirtear an Phaidir Eocairisteach?
14. Ainmnigh baill an Teaghlaigh Naofa?
15. Cén Naomh le lá féile ar an 26ú Nollaig?
16. Cathain a bhronntar an Ola Dhéanach agus Sacraimint na hAithrí ar dhuine?
17. Cén tainm a thugaimid ar an tráth troscaidh agus aithrí roimh Cháisc?
18. Cén áit ina bhfuil cónaí ar an bPápa?
19. Cé a scríobh na Ceithre Shoiscéal?
20. Cathain a d'éirigh Íosa ó na mairbh?



DIALANN URNAÍ

Nuair a chaithimid am ag guí i láthair Dé méadaíonn agus láidríonn an gaol eadrainn. Cabhraíonn an phaidreoireacht le tuiscint bheith againn go leanann grá Dé dúinn i gcónaí. Mhúin Íosa dúinn conas guí a dhéanamh nuair a bhronn sé focail an “Ár nAthair” orainn. De réir mar a bhí Íosa ag fás aníos láidriú a chreidimh i nDia. “Agus bhí Íosa ag dul ar aghaidh in aigne agus i bpearsa agus i ngrásta i láthair Dé agus daoine.” (Lúcás 2:52) Táimidne ag fás aníos chomh maith agus ag cur aithne níos fearr ar Dhia. Cum do phaidir féin agus iarr ar Dhia bheith leat i gcónaí agus cuidiú leat aithne níos fearr fós a chur Air. Féach cad atá le rá ag Íosa faoin bpaidreoireacht ins na sliochta seo ó na scríoptúir: Matha 14:22-23, Marcas 1:35, Lúcas 5:15-26, Lúcas 6:12-13, Eoin 17:1-26.

Tá teimpléad thíos le húsáid más maith leat dialannaíocht a dhéanamh gach lá de [Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha](#).

Ainm _____ Dáta _____

Conas a mhothaím inniu?

Cad iad na rudaí ar mhaith liom buíochas a ghabháil dóibh inniu?

An bhfuil aiféala orm faoi rud ar bith inniu?

Cén chabhair a bheidh uaim don chuid eile den lá seo?

Cum paidir a leiríonn na smaointí agus na mothúcháin atá agat i leith an chreidimh, agus scríobh ar an chéad leathanach eile iad.





CUARDACH FOCAL

Sa chuardach focal seo tá an-chuid focal a bhaineann lenár néiteas féin agus le cúrsaí creidimh.

Bain úsáid as an bhfoclóir chun díospóireacht a spreagadh faoi spiorad agus éiteas sainiúil do scoile féin.



creideamh
guí
gaol
pobal
meas
cóir
misneach
soiscéal
Íosa
dúshlán
tiomantas
fírinne
fíréanta
sármhaitheas

críonnacht
ionadh
uamhan
lúcháir
radharc
sainiúil
freagrachtaí
macántacht
spreagthach
iomlánaíoch



NAOMH BRÍD

Déantar Lá Fhéile Bhríde a cheiliúradh ar an gcéad lá de mhí Feabhra 'chuile bhliain, an chéad lá den Earrach. Maidir leis na ceisteanna seo, tá na freagraí le fáil sa chuardach focal thíos, rud a thabharfaidh roinnt eolais faoi Naomh Bríd duit. Seans go mbeidh ort do thaighde féin a dhéanamh chomh maith chun na bearnaí a líonadh.

An áit i gContae Lú inar rugadh Naomh Bríd _____

Cén tainm a bhí ar a máthair _____

Cén tainm a bhí ar a hathair _____

Tá dlúthcheangal aici leis an gcontae Laighneach seo _____

Is í Bríd duine desna _____ is mó le rá in Éirinn

Tá scéal a deir gur tugadh Bríd go hÉirinn mar _____ ar nós Naomh Pádraig,
ach seans gur _____ é seo

Rinne an Naomh Easpag seo bean rialta de Bhríd.

Bhí grá ag Bríd dosna h _____ agus rinne sí _____ mór díobh





RÓLGHLACADH

Tá moltaí anseo agus d'fheadfaí iad a chur i bhfeidhm sa rangsheomra

CNÁMHA SCÉIL 1

Méid daoine: Rang Iomlán

Tá cónascadh le chur i bhfeidhm maidir le scol féin agus scoil eile ón cheantar. Deir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) nach bhfuil sé inmharthana dhá scoil éagsúil a bheith ann. Ní aontaíonn an Príomhoide, foireann na scoile ná an Comhlachas Tuismitheoirí. Tugtar cruinniú le chéile. Ag an gcruinniú seo tá ionadaithe ón ROE, an Príomhoide, baill de fhoireann na scoile, tuismitheoirí, mic léinn agus páirtithe leasmhara ón bpobal áitiúil.

Ba cheart do gach dalta ról a ghlacadh don dráma seo. Beidh príomhbhord ann le mac léinn, an Príomhoide, Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta/Bord Gobharnóirí, cathaoirleach an Chomhlachais Tuismitheoirí agus cigire ón ROE suite aige. Cuirtear tús leis an gcruinniú...

CNÁMHA SCÉIL 2

Méid daoine: grúpaí beaga de thriúr

Carachtair: An Príomhoide agus Tuistí/Bardaigh

Déanann an Príomhoide cur síos dosna tuistí/ bardaigh ionchasacha ar éagsúlacht agus uathúlacht na scoile agus spreagtar iad chun an dalta a chur chun na scoile seo. Tá leisce ar na tuistí toisc go bhfuil foirgneamh nua agus saotharlann eolaíochta iontach ag scoil an bhaile is gaire dóibh. Glac ról id' ghrúpa féin de thriúr.

Cuirtear tús leis an gcruinniú nuair a chuireann an Príomhoide fáilte roimh na tuistí/ bardaigh ionchasacha.

CNÁMHA SCÉIL 3

Méid daoine: Rang Iomlán

Carachtair: Príomhchinnire fireann, Príomhchinnire baineann agus scata mac léinn ón gcéad bhliain.

Tá na príomhchinnirí ag labhairt le cruinniú den gcéad bhliain agus ag tabhairt míniúcháin dóibh faoi chuid de rialacha na scoile, le léargas níos fearr a thabhairt dóibh faoi chonas mar atá cúrsaí ar scoil. Nuair atá críochnaithe le caint na bpríomhchinnirí tá ceisteanna ag cuid desna mic léinn óga dóibh.





2009: BLIAIN AN GHLAO

Ar bhuail an smaoinemh riamh tú faoin mbóthar a ghlacfaidh tú ar fhágáil na scoile duit? Táim cinnte faoi gur bhuail. Níl sé deacair é a shamhlú. Tá réimse leathan slí beatha ar fáil le rogha a dhéanamh. Ar mhothaigh tú riamh go mbeifeá báite i measc na roghanna seo? Nuair a dhéanann tú machnamh faoin méid a dhéanfaidh tú ar fhágáil na scoile duit, táim cinnte faoi go mbeidh tionchar nach beag ag an gceist seo ar do chinneadh, ‘Cén rogha a dhéanfaidh sona comhlíonta mé?’ Teastaíonn uainn ar fad saol sona comhlíonta bheith againn. Ba mhaith linn bheith cinnte faoi go mbeidh dea-thionchar ag an méid a dhéanaimid ar an saol. Níl ach beatha amháin le caitheamh againn agus ba mhaith linn bheith cinnte go gcaithimid ar bhealach fiúntach í. Ar bhuail an smaoinemh tú riamh dul leis an sagartacht? Bheith id’ bhean rialta nó id’ bhráthair? Nár smaoinigh? Cén Fáth? B’fhéidir nár cuireadh an rogha seo os do chomhair riamh, nó nár cheap tú riamh go mbeadh an rogha seo agat. B’fhéidir gur smaoinigh tú ar a leithéid, ach nár cheap tú go mbeifeá ábalta go leor, nó sona, nó nach mbeifeá comhlíonta mar shagart, nó mar bhráthair, nó mar bhean rialta. Nach ndéanfá athsmaoinemh faoi na cúrsaí seo? Níl rud ar bith atá níos fiúntaí nó níos féin-chomhlíontaí ná do shaol a chaitheamh i seirbhís Dé. Tá an sagartacht agus an bheatha reiligiúnach mar bhealaigh iontacha chun do thallana a úsáid, chun seasamh le daoine nuair atá siad ag brath ort, chun an lúcháir agus an dóchas atá ionat féin a scaipeadh. Tá géarghá i saol an lae inniu le cine a thabharfaidh an dóchas agus an lúcháir seo do dhaoine eile. Daoine misniúla flaitiúla amháin a théann leis an sagartacht is an saol reiligiúnach sa lá atá inniu ann, déarfá. Duine misniúil a ghéilleann do Dhia le saol a chaitheamh i seirbhís dó. An duine misniúil cróga tusa?

Beirt a d’éist le glaoch Dé agus a d’fhreagair an glao seo ab ea Naomh Eoin Bosco agus Naomh Aingeal Merici. Bhunaigh Naomh Aingeal Ord na nUrsalach. Tá lá féile aici ar an 27ú Eanáir. Bhunaigh Naomh Eoin na Sailéisigh agus bíonn lá féile aige ar an 31ú Eanáir i rith na seachtaine seo. Leanann baill na nord seo in Éirinn leis an dea-obair go dtí an lá atá inniu ann. Bíonn lá féile chomh maith ag San Tomás Acaín i rith na seachtaine seo ar an 28ú Eanáir. Iodálach a bhí i San Tomás, bhí sé mar bhall d’ord na nDoiminiceánach. Ceanródaí de Dhiagaire a mhair sa tréú haois déag a bhí ann.

– An tAthair Eamonn Burke, Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath

GNÍOMHAÍOCHT

Scríobh litir chugat féin a dhéanann cur síos gearr ar na mianta agus an fhís atá agat don todhchaí. Bheadh sonraí sa litir b’fhéidir, faoi na mianta atá agat maidir le gairmréim, an saghas duine atá ionat anois, faoin bhforás a bheadh uait maidir le d’ phearsantacht, maidir le caidrimh, maidir le cairdeas agus an tábhacht a bhaineann leis na nithe seo id’ shaol. Déan cur síos ar an ngaol atá agat le Dia, más ann dó, do chreideamh agus mar sin de. Séalaigh an litir agus cuir in áit slán í mar thuairisc don todhchaí. Má bhíonn tú thar a bheith misniúil, b’fhéidir go roinnfeá leis an rang í!

DÍOSPÓIREACHT RANGA

Na dúshláin atá ann don Eaglais i gcultúr a éiríonn níos saoltaí in aghaidh an lae.



NÓTAÍ LIOTÚIRGEACHA

Is é an Domhnach an 1ú Feabhra an lá deireannach de **Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2009**. Moltar do gach paróiste díriú ar **Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2009** maidir le liotúirge an Domhnaigh. Cuireadh acmhainní ar fáil do gach paróiste mar chabhair san iarracht seo. Tá na hacmhainní seo le fáil in eagrán mhí Feabhra den iris *Intercom*. B'fhéidir go bhféadfadh na scoileanna sna paróistí éagsúla, páirt a ghlacadh i liotúirge an Domhnaigh ina bparóiste féin. Tá iliomad bealaí éagsúla ina bhféadfadh seo tarlú. Tá cúpla moladh anseo:

- * Déan teagmháil leis an sagart áitiúil nó duine de fhoireann an pharóiste. Tabhair cuireadh chun na scoile dóibh chun caint a dhéanamh faoi na bealaí ina bhféadfadh an scoil páirt a ghlacadh i liotúirge an Domhnaigh ar an 1ú Feabhra.
- * D'fhéadfaí taispeántas a chur sa séipéal áitiúil ag ceiliúradh na scoileanna Caitliceacha agus an pháirt a ghlacann siad i saol an pharóiste.
- * Déan ullmhú ar scoil le haghaidh léachtaí an Domhnaigh. Seo iad na tagairtí dóibh: *An Chéad Léacht: Deotranaimí 18:15-20, Salm: Salm 94, Dara Leacht: 1 Corantaigh 7:32-35, Soiscéal: Marcas1:21-28*.
- * Ceol. An mbeidh ceol ar fáil i rith liotúirge an Domhnaigh sa pharóiste? B'fhéidir go bhféadfadh an scoil páirt a ghlacadh sa cheol. Bí i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir ceoil sa pharóiste chun plé a dhéanamh faoi chonas a d'fhéadfadh pobal na scoile cur le liotúirge an Domhnaigh.
- * Má bhíonn an scoil in aice an tséipéil seans go bhféadfaí í a oscailt i ndiaidh liotúirge an Domhnaigh. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do phobal an pharóiste teacht ag breathnú ar thaispeántais nó tionscadail scoile a dhéanann ceiliúradh ar **Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2009**. D'fhéadfaí sólaistí a chur ar fáil chomh maith.

Ní moltaí casta iad na moltaí seo. Smaoineoidh pobal na scoile ar rudaí breise a oirfidh do dhálaí áitiúla. Tá sé tábhachtach go mbeadh dea-chumarsáid idir mhuintir na scoile is an paróiste a luaithe agus is féidir.



IRISH CATHOLIC
BISHOPS' CONFERENCE
COMHDHÁIL EASPAG CAITLICEACH ÉIREANN



CORI



VERITAS
www.veritas.ie